

Cuntas Leithreasa 2023

Vóta 39

An Oifig um Sholáthar Rialtais

An Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 39, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus é a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

I gcomhréir leis an riachtanas sin, tá an cuntas atá faoi cheangal ullmhaithe agam le haghaidh an mhéid a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 ar thuarastail agus speansais na hOifige um Sholáthar Rialtais.

Cuirtear olltoradh an chaiteachais i gcomparáid leis na suimeanna

- a bhronn Dáil Éireann faoin Acht Leithghabhála, 2023, lena n-áirítear an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar chaiteachas na bliana, agus
- a soláthraíodh le haghaidh seirbhísí soláthair caipitil in 2023 as leithreasaí 2022 nár caitheadh, faoi na socruithe um ghéilleadh iarchurtha a leagadh síos le halt 91 den Acht Airgeadais, 2004.

Tá barrachas de €3.390 milliún faoi dhliteanas lena ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas é Ráiteas na mBeartas agus na bPrionsabal Cuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

Ráiteas na mbeartas agus na bprionsabal cuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe i gclár 22 den bhliain 2023, i bhfeidhm in ullmhú an chuntais.

Rinneadh saolréanna úsáideacha agus rátaí amúchta gaolmhara móraicmí de shócmhainní doláimhsithe a mheas mar a leanas:

<i>Aicme</i>	<i>Saolré úsáideach</i>	<i>Ráta amúchta</i>
Bogearraí faighte/forbartha	5 bliana	20%

Dímheas

Muirearaítear dímheas bliana iomlán i mbliain na fála/an choimisiúnaithe agus ní mhuirearaítear aon dímheas i mbliain na diúscartha. Is de réir méid chothroim a mhuirearaítear an dímheas.

An ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

Freagracht as córas an rialaithe inmheánaigh airgeadais

Is rannán den Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe í an Oifig um Sholáthar Rialtais. Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fheagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Oifig córas éifeachtach maidir le rialú inmheánach airgeadais a chothabháil agus a oibriú.

Feidhmítear an fheagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní a bhíonn ar fáil dom agus na n-oibleagáidí eile atá orm mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní féidir le córas inmheánach maidir le rialú airgeadais ach gealltanais réasúnta agus ní gealltanais iomlán a chur ar fáil go gcosnaítear sócmhainní, go ndéantar idirbhearta a cheadú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó neamhréireanna a chosc nó go dtabharfaí faoi deara iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtacht á n-athbhreithniú i gcónaí.

Seirbhísí comhroinnte

Is í an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (Vóta 18) a sholáthraíonn feidhmeanna párolla, airgeadais agus acmhainní daonna ar bhonn comhroinnte. Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí maidir le riachtanais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Oifig seo agus Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte le haghaidh soláthar acmhainní daonna, airgeadas agus seirbhísí comhroinnte maidir le párolla.

Braithim ar litir urrúis ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte le háirithiú go gcuirtear rialú cuí i bhfeidhm maidir le soláthar na seirbhísí comhroinnte, lena n-áirítear seirbhísí airgeadais comhroinnte, chuig an Oifig seo.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Tá timpeallacht rialaithe ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm:

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal na bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun clistí suntasacha maidir le rialú a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras maidir leis an rialú inmheánach airgeadais.
- Doiciméadaíodh na nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.
- Tá an Ráiteas ar Rialú Airgeadais Inmheánach don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte ábhartha freisin toisc go soláthraíonn an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte seirbhísí áirithe ar bhonn comhroinnte do Vóta 39.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Tá creat maidir le nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmलगin agus cuntasachta, agus, go háirithe, lena ndeimhnítear gur fíor an méid seo a leanas:

- tá córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag an ardbhainistíocht
- bíonn athbhreithnithe rialta á ndéanamh ag lucht ardbhainistíochta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamh-mheastachán
- tá córas bainistithe riosca ag feidhmiú taobh istigh den Oifig
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- tá treoirlínte cuí rialaithe maidir le hinfheistiú caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail ann

Iniúchadh inmheánach agus an Coiste Iniúcháireachta

Tá feidhm iniúchta inmheánach ag an Oifig, atá lonnaithe laistigh den Roinn, ina bhfuil pearsanra atá oile go cuí, a oibríonn i gcomhréir le cairt scríofa atá faofa agam. Tá a cuid oibre bunaithe ar anailís ar na rioscaí airgeadais a mbíonn an Oifig nochtta dóibh agus bíonn a pleananna iniúchta inmheánaigh bliantúla, arna bhfaomhadh agamsa, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé d'aidhm ag na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúcháireachta an fheidhm iniúchta inmheánaigh a athbhreithniú ó am go chéile. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam chun a chinntiú go bhfiosraítear tuarascálacha na feidhme iniúchta inmheánaigh.

Soláthar

Áirithíonn an Oifig go leagtar béim chuí ar dhea-chleachtas soláthair agus conarthaí á mbronnadh agus go mbeidh nósanna imeachta i bhfeidhm chun a áirithiú go gcomhlíonfar na treoirlínte ábhartha uile. Bhí caiteachas ar earraí agus seirbhísí, lena n-áirítear costas na foirne conraithe, cothrom le €3.805 milliún in 2023.

Sholáthair an Oifig sonraí ar chonradh neamhiomaíoch ach comhlíontach amháin de bhreis ar €25,000 sa tuairisceán bliantúil i leith Chiorclán 40/2002 don Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta rioscaí curtha i bhfeidhm ag an Oifig agus ag an Roinn níos leithne lena saináithnítear agus lena dtuairiscítear rioscaí buntábhachtacha agus na gníomhartha bainistíochta a dhéantar chun aghaidh a thabhairt orthu agus, oiread agus is féidir, na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár riosca i bhfeidhm a dhéanann na príomhrioscaí i gcoinne na hOifige a shainaithint agus rinneadh na príomhrioscaí a shainaithint, a mheasúnú agus a rangú de réir a suntasachta. Déanann an Bord Bainistíochta athbhreithniú agus nuashonrú ar an gclár ar bhonn ráithiúil. Cuirtear toradh na measúnachtaí seo in úsáid chun acmhainní a phleanáil agus a dháileadh le háirithiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú go leibhéal oiriúnach.

Sonraíonn an clár riosca an rialú agus na gníomhartha atá de dhíth chun rioscaí a laghdú agus an fhreagracht a bhaineann le feidhmiú an rialaithe dáilte chuig baill foirne faoi leith.

Monatóireacht agus athbhreithniú reatha

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a thógáil agus don bhainistíocht agus don Bhord Bainistíochta, nuair is ábhartha, go tráthúil. Dearbhaím go ndearnadh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara a shonrú agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnamh a shainaithnítear a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Oifig chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistiú agus rialú rioscaí. Tá monatóireacht agus athbhreithniú an hOifige ar éifeachtacht an chórais maidir le rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar obair na n-íniúcháirí inmheánacha agus seachtracha agus na hardbhainistíochta taobh istigh den Oifig agus den Roinn atá freagrach as forbairt agus caomhnú an chreata um rialú inmheánach airgeadais.

Ceisteanna maidir le rialú inmheánach airgeadais

Níor sainaithníodh aon laigí sa rialú airgeadais inmheánach i ndáil le 2023 ar ghá iad a nochtadh sa chuntas leithreasa.

David Moloney

An tOifigeach Cuntasaíochta
An Oifig um Sholáthar Rialtais

7 Márta 2024

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 39 An Oifig um Sholáthar Rialtais

Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 39 – Oifig um Sholáthar Rialtais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is é mo thuairimse go gcuirtear i láthair go cuí

- sa chuntas leithreasa fáltas agus caiteachas Vóta 39 – An Oifig um Sholáthar Rialtais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

An bonn leis an tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (ISAnna) arna gcur i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Déantar cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an Oifig um Sholáthar Rialtais agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticíúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur le mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscim orthu de réir eisceachta, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus Mac Cárthaigh

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

12 Meitheamh 2024

Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe, agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáiltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Is é mo chuspóir agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam ná dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha ar calaois nó earráid is cúis leis. Is leibhéal ard dearbhaithe é dearbhú réasúnach, ach ní ráthaíocht é go mbraithfidh iniúchadh a dhéantar de réir na ISAnna (Caighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht) míráiteas ábhartha i gcónaí nuair a bheidh sé ann. Féadfaidh míráiteas eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha dá bhféadfaí a bheith ag súil le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa, ina n-aonar nó ina n-iomláine.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISAnna, cleachtaim breithiúnas gairmiúil agus coinnim sceipteachas gairmiúil i rith an iniúchta. Agus mé ag déanamh amhlaidh,

- Sainaithníim agus measúnaím rioscaí an mhírítis ábhartha a bhaineann leis an gcuntas leithreasa, cibé acu de bharr calaoise nó earráide iad; dearam agus feidhmím nósanna imeachta iniúchóireachta a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchóireachta is leor agus is cuí chun bunús a sholáthar i gcomhair mo thuairime. Is mó an riosca nach mbraithfí míráiteas ábhartha a rinneadh de bharr calaoise ná míráiteas ábhartha a rinneadh de bharr earráide, mar d'fhéadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.

- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh a bheidh iomchuí sna cúinsí i gceist, ach ní chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Measúnaím cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* de chuid fhorálacha cuntasaíochta na Roinne Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le scóip agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha iniúchta, i measc nithe eile, lena n-áirítear aon laigí suntasacha sa rialú inmheánach a shainaithníim le linn m'iniúchta.

Tuairiscím de réir eisceachta más amhlaidh, i mo thuairimse,

- nár bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a theastaigh uaim i gcomhair m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta le go bhféadfaí an cuntas leithreasa a iniúchadh go héasca agus go cuí, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na ISAnna an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair a rinne mé, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fhíric sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithníim aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna tuarascálacha iniúchóireachta ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

Vóta 39 An Oifig um Sholáthar Rialtais

Cuntas Leithreasa 2023				
		2023		2022
		Soláthar sna meastacháin		Toradh
		€000	€000	€000
Caiteachas an chláir				
A	Seachadadh lár-sheirbhíse soláthair			
	<i>Soláthar sna meastacháin</i>	22,243		
	<i>Géilleadh larchurtha</i>	35		
			22,278	18,786
				18,293
Ollchaiteachas			22,278	18,786
	<i>Asbhain</i>			
B	Leithreasaí i gcabhair		525	538
Glanchaiteachas				
	<i>Soláthar sna meastacháin</i>	21,718		
	<i>Géilleadh larchurtha</i>	35		
			21,753	18,248
				17,822

Barrachas

Tá barrachas an mhéid a soláthraíodh le hais an ghlanmhéid faoi dhliteanas le géilleadh don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, féadfar leithreasaí iomlána nó cuid díobh nár caitheadh le haghaidh seirbhísí soláthair caipitil a thabhairt anonn lena gcaitheamh sa bhliain dár gcionn. €115,000 de leithdháiltí nár caitheadh i leith eilimintí caipitil faoi Fhotheideal A.3, tugadh anonn go dtí 2024 iad.

	2023	2022
	€	€
Barrachas	3,505,271	1,641,521
Géilleadh iarchurtha	(115,000)	(35,000)
Barrachas le géilleadh	3,390,271	1,606,521

David Moloney
An tOifigeach Cuntasaíochta
An Oifig um Sholáthar Rialtais

7 Márta 2024

Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 An Ráiteas ar Chostas Oibríochta 2023

	2023	2022
	€000	€000
Costas an chláir	2,448	2,251
Pá	14,981	14,903
Neamhphá	1,357	1,139
Ollchaiteachas	18,786	18,293
<i>Asbhain</i>		
Leithreasaí i gcabhair	538	471
Glanchaiteachas	18,248	17,822
Athruithe ar shócmhainní caipitil		
<i>Maoin, gléasra agus trealamh</i>		
<i>(nóta 2.1)</i>		
Dímheas	26	
<i>Sócmhainní doláimhsithe (nóta 2.2)</i>		
Ceannacháin	(734)	
Amúchadh	144	
Athruithe iomlána ar shócmhainní caipitil	(564)	(57)
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha		
(Méadú) ar réamhíocaíochtaí	(102)	
Méadú ar speansais fhabhráithe	160	
	58	(82)
Caiteachas díreach	17,742	17,683
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile		
Glanchaiteachas ar sheirbhísí comhghaolmhara (nóta 1.1)	2,977	2,352
Measchíosanna	50	50
Glanhostas an chláir	20,769	20,085

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí comhghaolmhara

Cuimsítear na méideanna a leanas i ndáil le Vóta 39 a iompraíodh in áit eile i gcomhdhéanamh maidir le méid an ghlanachaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara.

		2023	2022
		€000	€000
Vóta 7	Oifig an Aire Airgeadais	—	29
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	611	492
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	1,513	1,410
Vóta 18	Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	551	144
Vóta 43	Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais	302	277
		2,977	2,352

Nóta 2 An Ráiteas ar Staid an Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2023

	Nóta	2023 €000	2022 €000
Sócmhainní seasta			
Maoín, gléasra agus trealamh	2.1	—	26
Sócmhainní doláimhsithe	2.2	887	176
Sócmhainní seasta iomlána		887	202
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim		1,188	657
Réamhíocaíochtaí	2.3	510	408
Iarmhéideanna dochair eile	2.4	25	68
Sócmhainní reatha iomlána		1,723	1,133
Lúide dliteanais reatha			
Speansais fhabhraithe		176	16
Iarmhéideanna creidmheasa eile	2.5	591	583
Glanmhaoiniú an Stáichiste	2.6	622	142
Dlíteanais reatha iomlána		1,389	741
Glansócmhainní reatha		334	392
Glansócmhainní		1,221	594
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe an Stáit	2.7	1,221	594

2.1 Maoin, gléasra agus trealamh ^a

	Trealamh oifige agus TF €000	Iomlán €000
Costas nó luacháil		
Amhail an 1 Eanáir 2023	414	414
Breiseanna	—	—
Amhail an 31 Nollaig 2023	414	414
Dímheas carntha		
Amhail an 1 Eanáir 2023	388	388
Dímheas don bhliain	26	26
Amhail an 31 Nollaig 2023	414	414
Glansócmhainní amhail An 31 Nollaig 2023	—	—
Glansócmhainní amhail An 31 Nollaig 2022	26	26

Nóta ^a Amhail an 1 Eanáir 2023, athaicmíodh bogearraí faighte agus forbartha mar shócmhainní doláimhsithe (féach nóta 2.2)

2.2 Sócmhainní doláimhsithe^a

	Bogearraí faighte agus forbartha €000	Sócmhainní atá á bhforbairt €000	Iomlán €000
Costas nó luacháil			
Amhail an 1 Eanáir 2023	284	124	408
Breiseanna ^b	—	855	855
Aistrithe	858	(858)	—
Amhail an 31 Nollaig 2023	<u>1,142</u>	<u>121</u>	<u>1,263</u>
Amúchadh carntha			
Amhail an 1 Eanáir 2023	232	—	232
Amúchadh don bhliain	144	—	144
Amhail an 31 Nollaig 2023	<u>376</u>	<u>—</u>	<u>376</u>
Glansócmhainní amhail An 31 Nollaig 2023	766	121	887
Glansócmhainní amhail An 31 Nollaig 2022	<u>78</u>	<u>124</u>	<u>202</u>

- Nóta ^a An costas, an dímheas carntha agus glanluach de réir na leabhar a bhaineann le sócmhainní doláimhsithe a léiríonn fáil agus forbairt bogearraí, áiríodh i *Maoín, gléasra agus trealamh* sna blianta roimhe seo iad.
- ^b Áirítear leis na breiseanna fabhrú €121,000 le haghaidh feabhsuithe ar bhogearraí forbartha. Cuireadh an obair ar an bhfeabhsú sin i gcrích in 2023 ach íocadh tar éis dheireadh na bliana é.

2.3 Réamhíocaíochtaí

amhail an 31 Nollaig	2023 €000	2022 €000
Ceadúnais bogearraí	166	147
Síntiúis	221	145
Oiliúint agus Forbairt	74	105
Tacaíocht TF	22	5
Eile	27	6
	<u>510</u>	<u>408</u>

2.4 Iarmhéideanna dochair eile

amhail an 31 Nollaig	2023	2022
	€000	€000
Caiteachas in-fhorchúitithe i leith na scéime pas taistil	16	17
Réamhíocaíochtaí OPW	7	42
Míreanna fionraí dochair eile	2	9
	25	68

2.5 Iarmhéideanna sochair eile

amhail an 31 Nollaig	2023	2022
	€000	€000
Méideanna dlite don Stát		
Cáin ioncaim	184	182
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	154	145
Cáin shiarchoinneálach do sheirbhísí gairmiúla	19	39
Cáin bhreisluacha	90	79
Ranníocaíochtaí pinsin	53	47
Cáin mhaoine áitiúil	1	1
An Muirear Sóisialta Uilíoch	38	38
	539	531
Asbhaintí párolla coinnithe ar fionraí	51	49
Míreanna fionraí sochair eile	1	3
	591	583

2.6 Glanmhaoiniú an Státhiste

amhail an 31 Nollaig	2023	2022
	€000	€000
Barrachas le géilleadh	3,390	1,607
Géilleadh iarchurtha	115	35
Deontas ón Státhiste neamhtharraingthe	(2,883)	(1,500)
Glanmhaoiniú an Státhiste	622	142
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	1,188	657
larmhéideanna dochair: fionraí	25	68
	1,213	725
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(539)	(531)
larmhéideanna sochair: fionraí	(52)	(52)
	(591)	(583)
	622	142

2.7 Cuntas maoinithe an Stáit

	Nóta	2023	2022
		€000	€000
larmhéid an 1 Eanáir		594	455
Eisíocaíochtaí ón Vóta			
Soláthar sna meastacháin	Cuntas	21,753	
Géilleadh iarchurtha	Cuntas	(115)	
Barrachas le géilleadh	Cuntas	(3,390)	
Glanvóta		18,248	17,822
Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile	1.1	2,977	2,352
Caiteachas neamhairgid – measchíos	1	50	50
Caiteachas neamhairgid – fabhrú sócmhainní doláimhsithe		121	
Glanchostas an chláir	1	(20,769)	(20,085)
larmhéid amhail		1,221	594
An 31 Nollaig			

2.8 Ceangaltais

Ceangaltais fhoriomlána	2023	2022
amhail an 31 Nollaig	€000	€000
Soláthar earraí agus seirbhísí	133	570

Nóta 3 Caiteachas an Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Aicmítear méid iomlán an leithdháilte do Vóta 39 An Oifig um Sholáthar Rialtais mar chaiteachas riaracháin a chuirtear i bhfeidhm maidir le clár amháin: Seachadadh lár-sheirbhíse soláthair.

		2023		2022
		Soláthar sna meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá, pinsin agus liúntais	16,948	14,981	14,903
ii	Taisteal agus cothú	156	134	91
iii	Oiliúint agus Forbairt	386	429	385
iv	Seirbhísí gairmiúla, sainchomhairleoireachta agus eile	100	136	86
v	Speansais oibriúcháin	167	106	90
vi	Speansais sócmhainní agus trealaimh			
	<i>Soláthar sna meastacháin</i>	147		
	<i>Géilleadh larchurtha</i>	35		
		182	209	211
vii	Speansais chumarsáide	146	153	130
viii	Speansais áitreabh agus lóistín	170	190	146
		18,255	16,338	16,042

Clár A Seachadadh Lár-Sheirbhíse Soláthair

		2023		2022
		Soláthar sna meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
A.1	Riarachán – pá		16,948	14,981
A.2	Riarachán – neamhphá			14,903
	<i>Soláthar sna meastacháin</i>	1,272		
	<i>Géilleadh larchurtha</i>	35		
		1,307	1,357	1,139
A.3	Comhairleoireacht maidir le soláthar agus costais eile	4,023	2,448	2,251
		22,278	18,786	18,293

Éagsúlachtaí suntasacha

Leagtar amach thíos na cúiseanna atá le héagsúlachtaí suntasacha i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000).

A.1 Pá riaracháin

Soláthar sna meastacháin €16.948 milliún; toradh €14.981 milliún

Tá an tearc-chaitheamh €1.9 milliún ar chostais tuarastail ann mar gheall ar mhoilleanna maidir le roinnt ról a earcú ar gach leibhéal. Is toradh é sin ar mhargadh saothair docht, agus tá OSR, ach oiread le gach comhlacht san earnáil phoiblí, thíos leis sin.

A.3 Comhairleoireacht maidir le soláthar agus costais eile

Soláthar sna meastacháin €4.023 milliún; toradh €2.448 milliún

Bhí an tearc-chaitheamh €1.6 milliún ann in 2023 mar gheall ar mhoilleanna ar thionscadail mhóra a ndearnadh buiséad ina leith le linn na bliana, e.g. an Ceistneoir um Measúnú Oiriúnachta Digití, agus an Creat um Sheirbhísí Tacaíochta Teicniúla. Tá siad sin le cur i gcrích in 2024.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí i gcabhair

		2023		2022
		Measta €000	Fíoraithe €000	Fíoraithe €000
1	Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí	375	413	396
2	Ilghnéitheach	150	125	75
	Iomlán	525	538	471

4.2 Fáltais bhreise is iníoctha don Státchiste

	2023 €000	2022 €000
Iarmhéid an 1 Eanáir	—	—
Lacáistí cártaí ceannaigh	—	61
Aistrithe chuig an Státchiste	—	(61)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	—	—

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhfostaithe

Coibhéisí lánaimseartha	2023	2022
Líon na mball foirne ag deireadh na bliana	237	241

5.2 Pá

	2023	2022
	€000	€000
Pá	13,620	13,527
Liúntais ard-dualgas, dualgais speisialta agus dualgais bhreise	9	36
Liúntais eile	(2)	3
ÁSPC an Fhostóra	1,354	1,337
Pá iomlán	14,981	14,903

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair ba mhó	
			2023	2022
			€	€
Ard-dualgais, dualgais speisialta agus dualgais bhreise	4	—	769	14,091
Liúntais eile	—	—	—	2,666
Ragobair	1	—	986	57

5.4 Líon foirne OSR de réir banda pá

Seo a leanas líon fostaithe de chuid OSR a raibh a sochair fostaí (lena n-áirítear bunphá, liúntais, ragobair; diomaite de ÁSPC an fhostóra, costais phinsin an fhostóra) don bhliain airgeadais idir €20,000 agus €59,999 agus laistigh de gach banda €10,000 ó níos mó ná €60,000:

Bandaí Pá (€)		Líon na bhfostaithe	
Ó	Go	2023	2022
20,000	59,999	159	166
60,000	69,999	15	13
70,000	79,999	21	30
80,000	89,999	17	12
90,000	99,999	6	6
100,000	109,999	2	5
110,000	119,999	7	5
120,000	129,999	2	—
130,000	139,999	—	1
140,000	149,999	1	1
150,000	159,999	2	—
160,000	169,999	1	—
170,000	179,999	—	—
180,000	189,999	—	—
190,000	199,999	—	1

5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

amhail an 31 Nollaig	Líon na bhfaighteoirí	2023 €	2022 €
Ró-íocaíochtaí	12	17,200	35,160
Pleananna téarnaimh atá i bhfeidhm	2	5,808	12,026

5.6 Luach saothair agus sochair an Oifigigh Cuntasaíochta

Is é an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta 39 an Oifig um Sholáthar Rialtais an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta 11 Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe freisin. Nochtar a thuarastal agus a shochair sa chuntas leithreasa do Vóta 11.

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Cúiteamh agus costais dlí

In 2023, bhí OSR ag freagairt do dhá shraith d'imeachtaí dlí i ndáil le comórtais soláthair. Ní hionann na himeachtaí sin agus ábhar níos sine, ar íoc OSR €57,465 de chostais dlí dá éis in 2022. Níor íocadh aon táille dlí in 2023 i ndáil leis an dá imeacht oscailte sin.

I mí Feabhra 2024, i gcás ceann amháin de na himeachtaí sin, rialaigh an Chúirt Uachtarach i bhfabhar OSR agus dhiúltaigh don iarratas ar chead achomhairc. Mar sin, ní bheidh OSR, ná aon ghníomhaireacht Rialtais eile, faoi dhliteanas i leith aon chostas a bhaineann leis an gcás sin.

6.2 Géilleadh iarchurtha

Le géilleadh iarchurtha cuimsítear coigilteas €115,000 i gcaiteachas caipitiúil in 2023 faoi fho-cheannteideal A.3 Comhairleoireacht maidir le soláthar agus costais eile